Éire

# Irish Republican Brotherhood

## BUNREACHT BHRÁITHREACHAS PHOBLACHT NA hÉIREANN 2022

Nuashonraíonn an Bunreacht seo na Bunreachtanna uile de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a bhí ann roimhe seo agus gabhann sé ina n-ionad.

**Ginearálta**

1ú.
Tá agus beidh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ) comhdhéanta d'fhir agus do mhná na hÉireann, beag beann ar aicme nó ar chreideamh, atá cónaitheach in Éirinn, i Sasana, in Albain, i Meiriceá, san Astráil, nó i ngach tír ina bhfuil cónaí ar fhir agus ar mhná na hÉireann. Cuireann BPÉ fáilte roimh chách atá toilteanach saothrú chun Rialtas Poblachtach Neamhspleách saor in Éirinn a bhunú.

2ú.
D'fhéadfadh fir agus mná eile atá cónaitheach in Éirinn a bheith incháilithe más féidir leo dílseacht a gheallúint d'Airteagail agus do Phrionsabail uile Bhunreacht Ceannasach na hÉireann 1919.

3ú.
Cuirfidh an BPÉ dúchas agus gnás Sheanchultúr na hÉireann chun cinn i gcónaí.

4ú.
Feidhmeoidh an BPÉ a thionchar morálta chun an aontacht agus an grá bráithriúil i measc fhir agus mhná uile na hÉireann agus a gcomharsan a chothú.

5ú.
Cothóidh an BPÉ prionsabail chun eolas ar Chearta Ceannasacha Mhuintir Cheannasach Phoblacht Cheannasach na hÉireann a scaipeadh ar mhaithe le cách.

6ú.
Glacfar comhaltaí isteach sa BPÉ trí iad a chur faoin Mionn Dílseachta seo a leanas: ***"I láthair Dé, geallaimse, ......... leis seo mo dhícheall a dhéanamh neamhspleáchas náisiúnta na hÉireann a bhunú go daingean trí sláine Fhorógra 1916, trí sláine Dhearbhú 1919, agus trí sláine Bhunreacht Ceannasach 1919 a chaomhnú i ndílseacht d'Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann".***

7ú
Ní ghlacfar aon duine isteach i BPÉ agus ní cheadófar d'aon chomhalta leanúint de bheith ina chomhalta de BPÉ, ná ceangal a bheith aige/aici leis, nach seasfaidh a c(h)áil mionscrúdú maidir le fírinne, crógacht, dea-iompair nó dílseacht do chúis na ceannasachta. Beifear ag súil go seasfaidh na comhaltaí uile le bunphrionsabail an Dlí Nádúrtha.

8ú
Ní bheidh aon reiligiún Stáit i bPoblacht na hÉireann, ach beidh an tsaoirse ag gach fear agus gach bean Dia a adhradh de réir a c(h)oinsiasa.

**An Árdchomhairle**

9ú.
Is í Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann atá mar Chomhlacht Ceannais PBÉ agus beidh sí comhdhéanta de 12 comhaltaí. Féadfaidh an Chomhairle líon na gcleamhnaithe a mhéadú ó am go ham go ceann tréimhse áirithe ama i ngach cás, ar choinníoll nach mbeidh an Chomhairle comhdhéanta de níos mó ná cúigear déag, idir fhir agus mhná, aon tráth áirithe. 9 is córam de chruinniú den Ardchomhairle agus tiocfaidh an Chomhairle le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad.

10ú
Tá agus beidh Feidhmeannacht na hArdchomhairle ann, ar a mbeidh Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, Cisteoir agus Rúnaí an chomhlachta sin agus beidh cinneadh a dhéanfaidh aon triúr acu ina cheangal orthu uile.
Féadfaidh Uachtarán agus/nó Leasuachtarán PBÉ, ó am go ham, dá dtoil féin nó ar iarraidh, a bheith sáite i bpróisis chinnteoireachta áirithe leis an Ardchomhairle, agus le linn na bpróiseas sin, beidh an cinneadh a dhéanfaidh tromlach an chomharghnó ina cheangal ar chách.

11ú
Beidh sé de dhualgas ar an gCathaoirleach freagracht a ghlacadh as a bheith i gceannas ar an mBord agus as díriú ar chúrsaí straitéise, agus as oibriú Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann agus a ranna uile a stiúradh faoi réir na hArdchomhairle.

12ú
Beidh ceapachán, leanúint ar aghaidh, cur ar fionraí, agus cur as oifig oifigeach roinne dílsithe san Fheidhmeannacht, faoi réir cheadú thromlach na hArdchomhairle.

13ú
Ní bheidh aon chomhalta den Ardchomhairle, ná aon oifigeach ina seirbhís, ag fáil aon tuarastail ó chistí na hArdchomhairle ná ó chistí de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann.

14ú
Ní fhéadfaidh siad siúd a ndearnadh comhaltaí de BPÉ díobh nó a bhféadfar comhaltaí de BPÉ a dhéanamh díobh ina dhiaidh seo faoin modh insealbhaithe údarás na hArdchomhairle a cheistiú. Coimeádfaidh Ardchomhairle BPÉ a cearta agus a freagrachtaí go léir i ndáil le Rialachas Phoblacht Cheannasach na hÉireann de réir mar a luaitear agus a chumhdaítear agus a dhearbhaítear é i mBunreachtanna de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann roimhe seo.

15ú
Leanann an Ardchomhairle den cheart chuici féin a fhorchoimeád caitheamh leis na Náisiúin, na Cumhachtaí agus na hInstitiúidí go léir, ar gach ábhar a bhaineann le leas Chríoch na hÉireann, chun cúis Neamhspleáchas na hÉireann a chur chun cinn.

16ú
Cibé an bhfuil Uachtarán Ceannasach BPÉ mar chomhalta den Ardchomhairle nó nach bhfuil, leanfaidh na comhaltaí uile d'aitheantas a thabhairt d'Uachtarán Ceannasach BPÉ mar Uachtarán nádúrtha dlisteanach Phoblacht Cheannasach na hÉireann de réir mar a luaitear agus a chumhdaítear agus a dhearbhaítear é i mBunreachtanna de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann roimhe seo.

17ú
I gcás líon na gcomhaltaí den Ardchomhairle a bheith laghdaithe go dosheachanta, feidhmeoidh a mbeidh fágtha dá comhaltaí údarás na hArdchomhairle go dtí go líonfar na folúntais, a ndéanfar a luaithe is féidir é, agus déanfar amhlaidh i gcás an fheidhmeannais.

18ú
Cuirfear comhaltaí uile na hArdchomhairle, na hOifigigh Fheidhmiúcháin san áireamh, ar aghaidh go huathoibríoch lena n-atoghadh ag CGB na hEagraíochta agus leanfaidh siad i seirbhís faoi réir vóta an chóraim i ngach cás.

**Na Séalaí Ceannasacha**

19ú
Is cead d'Uachtarán Ceannasach Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann amháin an Séala Céarach Ceannasach a ghreamú d'aon doiciméad.

20ú
Is cead don Uachtarán Ceannasach agus don Ard-Rúnaí agus do Chathaoirleach na hArdchomhairle an séala cabhartha a ghreamú de dhoiciméid.

21ú
Níl údarás ag aon fhear ná ag aon bhean seachas ag Uachtarán Ceannasach BPÉ (Uilliam Mag Uidhir), ag Ard-Rúnaí BPÉ (Seán Mac Róibín), agus ag Cathaoirleach Ardchomhairle BPÉ (Seán Ó Flannagáin) aon séala a ghreamú d'aon doicimÉad a airbheartaíonn seasamh nó formhuiniú Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a léiriú.

**An CLG**

22ú
Admhaíonn an Ardchomhairle an fhreagracht atá orthu ionracas an Chumainn Lúthchleas Gael, ar bhunaigh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann é, a chaomhnú. Déanfaidh an Ardchomhairle idirghabháil de réir mar is gá chun a chinntiú go ndéanfar sócmhainní agus áiseanna agus admhálacha rannpháirtíochta laistigh den CLG a chur i láthair agus a úsáid agus a chothabháil ar an mbealach agus ar an modh is airde ó thaobh na moráltachta de, ar mhaithe le leas dhúchas agus ghnás an Náisiúin agus an Chumainn, chun go mbainfidh fir agus mná Phoblacht Cheannasach na hÉireann agus a gclann lántaitneamh as.
Faoi réir an bhunphrionsabail a bhaineann le seasamh le Bunreacht Ceannasach na hÉireann 1919, beidh sé de chumhacht ag an Ardchomhairle an Bunreacht sin roimhe seo de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a athrú nó a athbhreithniú, ach aon uair a bheartaítear aon athruithe a dhéanamh ní mór fógra 22 lá ar a laghad a thabhairt faoi chruinniú den Ardchomhairle ag a mbeartaítear an t-athrú sin a dhéanamh agus éileofar vóta dhá thrian ón Ardchomhairle chun an t-athrú/na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh.

Le hOrdú ó,
AN ARDCHOMHAIRLE
17ú Márta 2022.